



Second National  
**Intercultural Health Strategy 2018-2023**

An Dara Straitéis Náisiúnta  
**don tSláinte Idirchultúrtha 2018-2023**

# Achoimre Fheidhmeach



Seirbhís Sláinte  
Níos Fearr  
á Forbairt

Building a  
Better Health  
Service

# AN STRAITÉIS

## Tá trí chuid sa straitéis seo:

### Cuid 1

Cuid 1 (Caibidil 1): Tá an cháipéis féin ar fáil anseo, fis, treoirphrionsabail, spriocanna, na cuspóirí straitéiseacha atá le gach sprioc ar leith chomh maith leis na beartais atá de dhíth. Maidir leis na beartais, leagtar amach an sprioc ama sa straitéis, na heagraíochtaí comhphairtíochta/stiúrtha/, agus ‘ailíniú straitéiseach’ – sin an cháipéis beartais a bhaineann le gach gníomh ar leith.

### Cuid 21

Cuid 2: Leagtar amach anseo i sraith caibidlí an comhthéacs agus an cúlra i leith ullmhúcháin an dara SNSI. Mínear an próiseas comhairliúcháin i dtaca le hullmhú na Straitéise i gCaibidil 2; Tá an fhianaise a bhí mar bhonn ag an Straitéis ar fáil i gcaibidil 3; Luaitear na dúshláin ábhartha sa chóras sláinte i gCaibidil 4; Tugtar léargas ar shaincheisteanna maidir le bailiúcháin sonraí i gCaibidil 5. Sna caibidlí seo, cuirtear i láthair beartais na straitéise bunaithe ar an bhfianaise; ar an dóigh seo, léirítear bonn fianaise láidir, maidir le gach beartas sa straitéis seo.

### Cuid 3

Cuid 3 (Caibidil 6): ‘I dtreo plean feidmithe don dara SNSI’. Leagtar amach pleananna agus garspriocanna don todhchaí i dtaca le hullmhúcháin plean mionsonraithe feidmithe don straitéis seo, a bheidh ar fáil laistigh de 4 mhí ó fhoilsiú na straitéise.

# TREOIRPHRIONSABAIL

- Is cur chuige comhionannais atá bunaithe ar chearta atá mar bhonn agus taca ag an dara SNSI.
- Is cur chuige eagraíochtúil iomlánaíoch atá molta, ina bhfreastalófar ar na húsáideoirí seirbhíse ar bhun riachtanais, ar an gcéad dul síos.
- Tá an straitéis ag teacht le gach beartas agus clár atá ann cheana féin.
- Is cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith pleanála agus forbairt idirghabhálacha atá i gceist.
- Déanfar idirghabhálacha spriocdhírithé, más gá, chun rochtain agus rannpháirtíocht na ngrúpaí eisiata a chinntiú.
- Leagtar béim ar sheirbhísí d’ardchaighdeán atá feiliúnach don othar a chur ar fáil.
- Tugtar aitheantas do ról na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha.
- De bharr deartha, soláthar agus measúnú a dhéantar ar na seirbhísí, beidh sé níos éasca ag na húsáideoirí seirbhíse a bheith rannpháirteach iontu, ar bhealach gníomhach, fóna.
- Baintear úsáid as prionsabail forbartha pobail nuair a bhítear ag obair le húsáideoirí seirbhíse agus ag dul i mbun idirghabhálacha piarthreoraithe.
- Tá éifeachtúlacht costais agus luach ar airgead fíorthábhachtach.

# SPRIOCANNA AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

**SPRIOC 1:** Feabhas a chur ar rochtain seirbhísí d'úsáideoirí seirbhísí ó chúlraí éagsúla eitneacha, cutúrtha agus reiligiúnacha.

Cuspóirí straitéiseacha faoi Sprioc 1:

- Eolas a chur ar fáil ar bhealaí inrochtana, agus atá ag teacht le cultúir ar leith.
- Múnla ateangaireachta a chruthú ar fud FnaSS.
- Córas a chruthú chun eolas a aistriú bunaithe ar an ngá atá leis sin de réir na fianaise.

**SPRIOC 2:** Dul i ngleic le riachtanais sláinte úsáideoirí seirbhíse ó chúlraí éagsúla eitneacha, cutúrtha agus reiligiúnacha.

Cuspóirí straitéiseacha faoi Sprioc 2:

- Dualgais trasrialtais maidir le riachtanais sláinte úsáideoirí seirbhíse a chur i bhfeidhm.
- Dualgais náisiúnta atá i straitéisí ábhartha trasrialtais a chur i bhfeidhm.
- Múnla sláinte scagthástála agus cosc tinnis a chur chun cinn.
- Dul i ngleic le héagthroime sláinte i dtaca le húsáideoirí seirbhíse maidir le sláinte bhéil, sláinte ghnéis, sláinte atáirgthe, leanaí agus daoine óga, an pobal LGBTI+, míchumas, fir, meabhairshláinte agus cúram maolaitheach.

**SPRIOC 3:** Cinntiú go gcuirfear seirbhísí d'ardchaighdeán agus freagrúil ó thaobh cultúir ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí ó chúlraí éagsúla eitneacha, cutúrtha agus reiligiúnacha.

Cuspóirí straitéiseacha faoi Sprioc 3:

- Oiliúint a chur ar fáil don fhoireann ionas go dtuigfidh siad cúrsaí a bhaineann le hidirchultúir agus riachtanais na foirne a oibríonn le pobail éagsúla a chur san áireamh.
- Cinntiú go ndéantar seirbhísí a phleanáil agus a sholáthar i gcomhthéacs cultúrtha inniúil agus a thagann le dualgais na hearnála poiblí agus na n-oibleagáidí a bhaineann leo.

**SPRIOC 4:** Bunachar fianaise a chruthú.

Cuspóirí straitéiseacha faoi Sprioc 4:

- Ullmhaigh córas bunachar sonraí, monatóireachta agus measúnaithe ar ardchaighdeán chun bunachar fianaise i leith sláinte na mionlach eitneach a chruthú agus cleachtas bunaithe ar an bhfianaise a chinntiú.

**SPRIOC 5:** Comhoibriú compháirtíochta a neartú chun feabhas a chur ar shláinte idirchultúrtha.

Cuspóirí straitéiseacha faoi Sprioc 5:

- Cinntiú go mbeadh úsáideoirí seirbhíse ó ghrúpaí mionlach eitneach páirteach i ndearadh, pleanáil, soláthar agus measúnú na seirbhísí.

# FORBAIRT STRAITÉISE

Tá an Straitéis seo bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin ina raibh trí phríomhchéim; idirphlé le gréasáin pobail agus rannóga i bhFnaSS; anailís ar aighneachtaí de réir téamaí; formhuiniú agus aontú.

Aithníodh ocht bpríomhthéama nuair a rinneadh anailís ar na haighneachtaí: rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte idirchultúrtha ar ardchaighdeán; comhionannas, gan leithcheal, agus cearta daonna; seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin; cumarsáid traschultúir agus inniúlacht foirne i dtaca le cultúir; foréigean ar bhonn inscne, ciorrú ball giniúna ban (FGM) agus cleachtais dhíobhálacha eile san áireamh; rannpháirtíocht an phobail agus rannpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhíse chomh maith le hidirphlé; sonraí agus bunachar fianaise a chruthú maidir le sláinte idirchultúrtha;

feidhmiú an dara SNSI. (Tá achoimre de thorthaí an chomhairliúcháin le fáil in Aghuisín 4.) Tá eolas breise faoi na haighneachtaí a fuarthas agus liosta de na daoine agus eagraíochtaí a rinne aighneachtaí, ar fáil ar [www.hsesocialinclusion.ie](http://www.hsesocialinclusion.ie).

Ba é an chéad SNSI (2007–2012) an chéad straitéis náisiúnta sláinte idirchultúrtha a ullmhaíodh in Éirinn. De bharr na géarchéime eacnamaíochta bhí dúshlán ag baint le cur i gcrích na moltaí ar fad a bhí sa straitéis. De bharr nach rabhthas ábalta na beartais go léir a chur i bhfeidhm, glacadh cur chuige réadúil ionas go gcuirfí acmhainní ar fáil chun tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí seirbhísí i dtaca le rochtain seirbhísí agus tacaíocht do sholáthraithe seirbhísí chun seirbhísí cultúrtha inniúla a chur ar fáil.

Tá breis eolais maidir le feidhmiú an chéad SNSI i gCaibidil 2.

## AN STRAITÉIS A CHUR I BHFEIDHM

Ullmhófar plean feidhmithe mionsonraithe i ndiaidh seoladh na straitéise seo. Tabharfar tosaíochtaí do bheartais áirithe le linn thréimhse an phlean, ag cinntiú go gcuirfear chun cinn beartais a mbeidh toradh orthu láithreach agus ag an am céanna go n-ullmhófar beartais a mbeidh pleanáil fadtéarmach, mórán acmhainní breise agus feidhmiú céimnithe ag baint leo.

Beidh an plean feidhmithe leagtha amach ar bhealach solúbtha ionas go bhféadfar ábhair nua a thiocfaidh chun cinn nó tionscnaimh spriocdhírthe breise a chur san áireamh, más gá.

Déanfar athbhreithniú lár téarma ar dhul chun cinn i dtaca le feidhmiú na mbeartas molta, circa 2010–2021.

## ACMHAINNÍ CHUN AN STRAITÉIS A CHUR I BHFEIDHM

Tá infheistíocht shuntasach de dhíth i ngach straitéis chun dul i ngleic le riachtanais aitheanta sláinte, chun cur le hacmhainneacht na seirbhísí agus chun torthaí éifeachtacha inbhuanaithe a bhaint amach. Beidh acmhainní suntasacha de dhíth chun cuid de na beartais sa straitéis seo a chur i bhfeidhm, ach cuirfear i bhfeidhm beartais eile trí athdháileadh a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil cheana féin. Ar an mbealach céanna, d'fhéadfaí beartais

áirithe a ailíniú nó a dhéanamh i gcomhpháirt, nó le tacaíocht beartas nó tionscnaimh atá ann cheana féin i gclár eile mar mheicníochtaí idirghabhálacha comhoibríocha, nuálacha.

Beidh measúnú ar an gcaiteachas reatha ar shláinte idirchultúrtha mar cheann de phríomhghnéithe an phlean feidhmithe, agus ullmhófar cásanna gnó maidir le maoiniú do ghníomhartha tosaíochta ar nós, múnla ateangaireachta a chur i bhfeidhm.

# COMHTHÉACS

Is cur chuige cuimsitheach, comhtháite atá sa Straitéis Náisiúnta Sláinte Idirchultúrtha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun dul i ngleic leis na riachtanais sláinte agus tacaíochta ar leith a bhíonn ag úsáideoirí seirbhíse ó chúlraí eitneacha agus chultúrtha éagsúla atá ina gcónaí in Éirinn, líon úsáideoirí seirbhíse atá ag dul i méid i gcónaí.

Is iad FnaSS atá freagrach as beartais ar leith sna straitéisí trasrialtais maidir le stádas, taithí agus torthaí sláinte na mionlach eitneach ar fud na tíre. Is freagra straitéiseach chun na beartais seo a chomhtháthú atá sa cháipéis seo. Ta beartais shonracha sláinte eile curtha san áireamh de bharr eolais a d’eascair as comhairliúcháin, agus an méid a foghlaimíodh nuair a bhí an chéad SNSI (NIHS) FnaSS á cur i bhfeidhm, chomh maith le fianaise ó thaighde idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) atá freagrach as córas cúraim sláinte cuimsitheach ar ardchaighdeán, agus a bhfuil teacht air go héasca a chur ar fáil. Ní mór éagsúlacht eitneach agus chultúrtha i measc an daonra a chur san áireamh – tá an éagsúlacht seo ag dul i méid i gcónaí – chomh maith le planáil i gcomhair rannpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhíse ó phobail faoi mhíbhuntáiste, agus, más gá, na seirbhísí a chur in oiriúint do riachtanais an daonra iomlán, trí bheith ullmhaithe don éagsúlacht.

Is cuimsiú sóisialta, comhionannas agus cur chuige sláinte pobail atá mar bhonn agus taca ag Plean Corparáideach FnaSS (2015-2017) agus atá mar bhonn freisin ag planáil agus soláthar seirbhísí sláinte FnaSS. Dá bharr seo, ní mór beartais chuí a fhorbairt chun dul i ngleic le héagothroime ó thaobh sláinte de, chomh maith le tosca eacnamaíochta agus sóisialta – bochtaineacht agus leithcheal san áireamh – a chuireann isteach ar chothroime rochtana ar chúram sláinte. Tacaíonn tuarascáil *Sláintecare* (2017) leis an gcur chuige seo. Sa tuarascáil, pléitear na gnéithe sóisialta a mbíonn tionchar acu ar an tsláinte, maraon leis an riachtanas dul i ngleic le héagothroime sláinte agus an tábhacht atá le hacmhainní a chur ar fáil do chur chuige um chothú sláinte agus sláinte pobail.

Is í fíis na straitéise seo ná:

Seirbhís sláinte a chuireann cúram freagrúil den scoth ar fáil d’úsáideoirí seirbhíse ó chúlraí éagsúla eitneacha, cultúrtha agus reiligiúnacha.

Seirbhís sláinte a chuireann ar chumas úsáideoirí seirbhíse ó chúlraí éagsúla eitneacha, cultúrtha agus reiligiúnacha teacht ar na seirbhísí.

Seirbhís sláinte ina bhfuil ar chumas na soláthraithe seirbhíse seirbhís inniúil ó thaobh cultúir de a chur ar fáil don ghrúpa seo.

Aithníonn an dara SNSI an obair thábhachtach atá déanta go dtí seo ag FnaSS chun comhionannas a chur chun cinn agus éagothroime sláinte a laghdú in Éirinn. Sa dara SNSI, leantar ag leagan béime ar an tábhacht a bhaineann le cothroime rochtana ar sheirbhísí sláinte, go háirithe d’mircigh ban agus do ghrúpaí mionlach eitneach atá faoi mhíbhuntáiste.

Tacaíonn roinnt beartas agus reachtaíochta príomha a cuireadh i bhfeidhm le roinnt blianta leis an tiomantas i leith na straitéise seo a chur chun cinn. Baineann siad seo le mionlaigh eitneacha. (Tá liosta agus sonraí iomlána na mbeartas a bhaineann le sláinte idirchultúrtha le fáil in Aguisin 2.)



